

SLOBÁN

Sprusach mion a bhailightear i láibheanna áithride le cur amach ar an talamh dá leasú. Ar nós aoileach mionnán bhíonn sé in ruainneacha beaga, an sprusach a d'fhanfadh uait ar deire. Bailightear an slobán seo ina charnán agus fághtar ar an triomach e go ceann tamaill. Bailightear portáin bheaga, portáin ghlasa agus bíonn siad beo sa gcarnán slobain taréis a bheith sé seachtainí ar an triomach.